




Clár Ábhar



Réamhrá	2
1. Cúlra	3
2. Coimisiún Forbartha an Iarthair	5
Feidhmeanna	5
Struchtúr	5
Ag Obair le Comhpháirtithe	5
Rialachas Corparáideach	6
Fís	6
Misean	6
Dearcadh Straitéiseach	6
3. Ráiteas Straitéise WDC 2010-2012	7
Sprioc 1: Tionchar bheith aige ar cheapadh beartais ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair trí anailís ardchaighdeán.	8
Sprioc 2: Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn	9
Sprioc 3: Forbairt ar gheilleagar an Iarthair a spreagadh bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe láidreachtaí agus acmhainní Réigiún an Iarthair	10
Sprioc 4: Caipiteal riosca a sholáthar do SMEanna agus d'Fhiontair Shóisialta agus iad ag tosú amach nó ag fairsingiú trí Chiste Infheistíochta WDC (WIF)	11
Sprioc 5: WDC a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil éifeachtach	11
4. Feidhmiú, Monatóireacht agus Tuairisciú	12
5. Aguisín 1	13
Baill Choimisiún Forbartha an Iarthair ó Eanáir 2010	13
Giorrúcháin agus téarmaí a úsáidtear sa Ráiteas seo	14

Réamhrá

Tar éis athbhreithniú grinn a dhéanamh ar na dúshláin atá roimh Réigiún an Iarthair agus ar na deiseanna a bheidh ann amach anseo, leagann Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) amach sa Ráiteas Straitéiseach seo an chaoi a mbainfidh sé amach a shainchúram reachtaíochta d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta na seacht gcontae san Iarthar a chur chun cinn.

Tá na gníomhartha sa cháipéis deartha chun tacaíocht a thabhairt do shaibhreas an réigiúin, go háirithe na daoine, an comhshaol agus an oidhreacht chultúrtha atá ann agus iad a fheabhsú. Is é WDC an Gníomhaireacht Rialtais a bhfuil an fhreagracht air na hidirghabhálacha poiblí agus príobháideacha éagsúla a thabhairt le chéile a dhaingneoidh forbairt gheilleagrach agus shóisialta Réigiún an Iarthair. Dá bhrí sin, tá ráiteas misin WDC glan soiléir áit ***“a chuirfidh sé le cumas iomlán Réigiún an Iarthair a uasmhéadú d’fhonn éifeacht a thabhairt d’ardaidhmeanna geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha saoránaigh Réigiún an Iarthair”***.

Tá WDC fós tiomanta do chinntiú go nochtar riachtanais agus ardaidhmeanna shaoránaigh Réigiún an Iarthair ag an leibhéal is airde chun gur féidir leis an Rialtas a bheartas ar Fhorbairt Réigiúnach Chothromaithe a bhaint amach. Creidimid gur féidir an chothromaíocht seo a bhaint amach sa Réigiún trína chumas a uasmhéadú trí úsáid inbhuanaithe a acmhainní ar fad, idir dhaonna agus nádúrtha. Tá spriocanna WDC ailínithe go soiléir le straitéis aisghabhála náisiúnta an Rialtais agus tá WDC muiníneach gur féidir le Réigiún an Iarthair ról an-suntasach a imirt ar an mbóthar seo chun aisghabhála.

Leanfaidh WDC go bríomhar, thar thréimhse an Ráitis Straitéisigh seo, na deiseanna sóisialta agus geilleagracha a chuireann ár Réigiún ar fáil dá shaoránaigh. Oibreoidh sé chun an réigiún a fhorbairt agus a chur chun cinn mar áit iontach le cónaí ann, le hoibriú ann agus le gnó a dhéanamh ann. Leanfaidh sé ar aghaidh ag cur fiontar sa réigiún chun cinn agus forbróidh sé comhpháirtíochtaí a úsáidfídh tallanna na n-earnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha le chéile.

Braithfidh rathúlachta an phlean seo go mór ar thiomantas leantach agus ar phroifisiúntacht ár bhfoirne. Leanfaimid ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil gach ní a theastaíonn uathu ag ár bhfoireann leis na héilimh mhóra atá orthu ina ról rithábachtach i bhforbairt Réigiún an Iarthair a shásamh. Sa mhullach air sin, leanfaimid ar aghaidh ag cinntiú go dtugann ár gcuid oibre breisluach d’obair gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile atá ag obair inár réigiún.

Tá an ráiteas straitéiseach seo mar bhonn ag gach gníomhaíocht de chuid WDC i rith na tréimhse 2010-2012. Tá WDC muiníneach go mbainfidh cur i bhfeidhm na ngníomhartha atá sa ráiteas seo dul chun cinn réadúil amach dár saoránaigh.



Lisa McAllister Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

1. Cúlra



Tógann an Ráiteas Straitéiseach seo ar Ráiteas Straitéiseach WDC 2007-2009 agus is é an cuspóir deiseanna fostaíochta inbhuanaithe a chur chun cinn i Réigiún an Iarthair trí fhorbairt réigiúnach a chur ar fáil atá mar bhonn agus thaca leis. Cé go dtógann sé ar ár straitéisí roimhe seo, téann sé i dtreo eile chomh maith mar gur forbraíodh é agus go gcaithfidh sé freagra a thabhairt ar aeráid gheilleagrach agus shóisialta an-difriúil, go náisiúnta agus i Réigiún an Iarthair.

Tá na dúshlán roimh an réigiún ollmhór, go háirithe na hardleibhéil dífhostaíochta, srianta ar rochtain chuig airgeadas, an fhéidearthacht go rachfaí ar ais chuig eisimirce, brúnna ollmhóra ar an ngeilleagar tuaithe, airgeadas poiblí srianta agus méadú san iomaíocht le haghaidh infheistíocht bonneagair atá ag laghdú. Teastaíonn cur chuige nua anois chun dul i ngleic leis na dúshlán seo; cur chuige a bhainfidh leas as cumas agus sócmhainní Réigiún an Iarthair nach bhfuil in úsáid, agus ag an am céanna ag tógáil ar na forbairtí dearfacha ar fad le blianta beaga anuas, go háirithe láidriú fórsa saothair agus bunús scileanna an réigiúin.

Mar fhreagra ar na dúshlán seo, tá gníomhaíochtaí WDC arna leagan amach sa Ráiteas Straitéiseach seo comhsheasmhach le straitéis aisghabhála náisiúnta an Rialtais *Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann – Creat um Athnuachan Eacnamaíochta Inbhuanaithe*. I gcomhthéacs an chreat náisiúnta seo, cuirfear béim ar leith ar na nithe seo a leanas:

- * An geilleagar fiontair a dhaingniú agus iomaíochas a athshlánú i Réigiún an Iarthair
- * Cumas agus luach na nuálaíochta agus na cruthaitheachta i Réigiún an Iarthair a mhéadú
- * Acmhainní agus bonneagar fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt.
- * An gá le hinfeistíocht i mbonneagar ríthábhachtach a léiriú
- * Seirbhís phoiblí éifeachtúil agus éifeachtach a sheachadadh do shaoránaigh Réigiún an Iarthair

Feidhmíonn WDC, agus an Ráiteas Straitéiseach seo, i gcomhthéacs níos leithne na forbartha beartais réigiúnaigh in Éirinn. Cuireann an Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS), a foilsíodh in 2002, an chreatlach uileghabhálach ar fáil le haghaidh forbairt spásúil in Éirinn. Leagann sé amach an chreatlach straitéiseach le haghaidh cur chun cinn Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath níos éifeachtúla, ag cinntiú tairseacha ¹agus ²mol láidre, ag láidriú bailte contae agus ag tacú le réigiúin bheoga agus éagsúlaithe tuaithe eile. Rinne an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 (PFN) athrá ar an tiomantas náisiúnta d'fhorbairt réigiúnach chothrom trí thacú le forbairt na réigiún ar fad chun a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach.


¹ I Réigiún an Iarthair is iad seo Gaillimh, Sligeach, Leitir Ceanainn (nasctha le Doire) agus an tSionna (nasctha le Luimneach).

² I Réigiún an Iarthair is iad seo Tuaim, Inis agus an mol nasctha de Chaisleán an Bharraigh/Bhéal an Átha

Tá réigiúin ina mbloic thógála den gheilleagar náisiúnta agus tá forbairt réigiúnach ríthábhachtach do bhorradh náisiúnta. Beidh an freagra a thabharfaidh forbairt beartais réigiúnaigh, mar aon le himreoirí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, ar an gcúlú geilleagrach fíorthábhachtach don aisghabháil. Beidh infheistíochtaí i mbonneagar, caipiteal daonna (oideachas, oiliúint, scileanna) agus nuálaíocht ag leibhéal réigiúnach go háirithe lárnach i gcruthú fiontair agus fostaíochta. Is sa chomhthéacs seo a bhfuil a Ráiteas Straitéiseach 2010-2012 curtha le chéile ag WDC.

Creideann WDC gur chóir cruthú fostaíochta inbhuanaithe a dhíriú ar na hearnálacha sin atá láidir sa réigiún i gcomparáid le réigiúin eile. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, beidh gá cumas an réigiúin dul in iomaíocht sa gheilleagar eolasbhunaithe a mhéadú, cumas an gheilleagair thuaithe a uasmhéadú, acmhainní an réigiúin féin a úsáid, agus dá bhrí sin ag coinneáil agus ag mealladh fórsa saothair fuinniúil, a bhfuil ardoideachas orthu agus atá fiontraíoch. Sa mhullach air sin, caithfear dul i ngleic leis na bearnaí suntasacha sa bhonneagar, go háirithe i rochtain ar iompar, fuinneamh agus teileachumarsáid leathanbhanda d'fhonn an timpeallacht ghnó iomaíoch a theastaíonn le haghaidh borradh a chruthú.

Tá sé le tuiscint síos tríd go méadóidh agus go dtacóidh na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Ráiteas Straitéiseach seo gníomhaíochtaí ár bpáirtithe leasmhara ar fad, san fhearann phoiblí agus phríobháideach araon.



2. Coimisiún Forbartha an Iarthair



Tá fócas ar leith ag WDC ar Réigiún an Iarthair. Tá contaetha Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma, Ros Comáin, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus an Chláir faoina shainchúram. Oibríonn WDC le cinntiú go dtugtar suntas i gcónaí do leasanna Réigiún an Iarthair ag na leibhéil is airde den Rialtas.

Feidhmeanna

Tá feidhmeanna WDC rialaithe ag an Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Oibríonn WDC le cinntiú go sásaíonn beartas agus cleachtas geilleagrach agus sóisialta riachtanais forbartha Réigiún an Iarthair go héifeachtach. Dirítear go háirithe ar earnálacha táirgeachta, ar bhonneagar agus ar phobail tuaithe an Réigiúin.

Tá WDC freagrach as bainistiú agus as riarachán Chiste Infheistíochta WDC (WIF). Soláthraíonn an Ciste seo caipiteal riosca ar bhonn tráchtála do thionscadail agus do ghnólachtaí trí chothromas agus iasachtaí agus ar an gcaoi sin líonann sé an bhearna mhaoinithe a shaináithin gnólachtaí agus grúpaí pobail sa Réigiún.


Struchtúr

Tá 12 bhall ar WDC a cheap an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, an tUasal Pat Carey, T.D., (féach Aguisín 1 don bhallraíocht reatha).

Faigheann WDC tacaíocht ó fheidhmeannach atá lonnaithe in dTeach Diolúin, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin. Léiríonn an chairt eagraíochtúil seo an struchtúr foirne.

Ag Obair le Comhpháirtithe

Saináithníonn WDC an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíocht ina gcuid oibre. Cinntíonn sé go bhfuil an méid atá á dhéanamh acu d'fhorbairt Réigiún an Iarthair ag cur luach le baint amach beartas náisiúnta an Rialtais.



Chuirge seo, ní dhéanann WDC na gníomhaíochtaí céanna le haon ghníomhaireacht eile, ach cothaíonn agus spreagann sé tionscnaimh straitéiseacha réigiúnacha in earnálacha éagsúla trí obair i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, le heagraíochtaí áitiúla agus le grúpaí pobail. Tá sé cúramach gan an obair chéanna le gníomhaireacht eile a dhéanamh; oibríonn sé ar bhealach comhoibritheach le comhpháirtithe poiblí, príobháideacha agus deonacha chun torthaí sonracha a bhaint amach.

Oibríonn WDC go straitéiseach le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, mar aon le cuideachtaí tráchtála atá ag feidhmiú nó ag infheistiú i Réigiún an Iarthair agus leis an earnáil dheonach agus pobail sa Réigiún.

Rialachas Corparáideach

Tá dualgas ar WDC Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (An Roinn Airgeadais, 2009) a fheidhmiú agus a chomhlíonadh. Ag cloí leis an gCód seo, tá WDC tar éis cur chuige straitéiseach agus sothuigte a fhorbairt maidir le forbairt, bainistíocht agus feidhmiú a bheartas agus a spriocanna.

Fís

Is é fís Choimisiún Forbartha an Iarthair do Réigiún an Iarthair

Bheith ina mhol d'fhorbairt straitéiseach gheilleagrach agus shóisialta Réigiún an Iarthair

Misean

Cuirfidh WDC le cumas iomlán Réigiún an Iarthair a uasmhéadú d'fhonn éifeacht a thabhairt d'ardaidhmeanna geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha shaoránaigh Réigiún an Iarthair.

Dearcadh Straitéiseach

Leagann Ráiteas Straitéiseach WDC amach clár dúshlánach oibre don eagraíocht go dtí deireadh 2012.

Tharla seo toisc breithniú cúramach ar na nithe a leanas:

- * Téarma tagartha reachtaíochta WDC, go háirithe an fheidhm atá aige thaobh forbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus an WIF á oibriú a chothú agus a chur chun cinn
- * An cuspóir náisiúnta maidir le forbairt réigiúnach chothrom sa NDP agus forbairt an tiomantais chun é seo a bhaint amach trí dháileadh réigiúnach níos fearr ar infheistíocht phoiblí agus phríobháideach
- * Scála agus castacht an dúshláin d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta atá roimh Réigiún an Iarthair
- * An fhreagairt an-dearfach d'obair WDC go dáta ó thrasghearradh leasanna laistigh den réigiún, agus an t-éileamh leathan ar WDC a oibríochtaí a fhorbairt de réir mar atá curtha chun cinn sa Ráiteas Straitéiseach seo
- * An gá le straitéis a chur i bhfeidhm a thugann le chéile feidhmeanna éagsúla WDC, arna leagan amach san Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998
- * An riachtanas le feidhmeanna beartais, gníomhaíochta agus infheistíochta WDC a chumasú le bheith ina múnlaí imeasctha agus comhpháirtíochta.

3. Ráiteas Straitéise WDC 2010-2012



Tá an Plean Straitéiseach eagraithe mórthimpeall cúig sprioc straitéiseacha:

Sprioc 1:

Tionchar bheith aige ar cheapadh beartais ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair trí anailís ardchaighdeán

Sprioc 2:

Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn

Sprioc 3:

Forbairt ar gheilleagar tuaithe a spreagadh bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe láidreachtaí agus acmhainní Réigiún an Iarthair

Sprioc 4:

Caipiteal riosca a sholáthar do SMEanna agus d'fhiontair shóisialta agus iad ag tosú amach nó ag fairsingiú trí Chiste Infheistíochta WDC (WIF)

Sprioc 5:

WDC a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil éifeachtach


Soláthraíonn na spriocanna seo fócas straitéiseach d'obair WDC do na chéad trí bliana amach romhainn. Maidir le gach sprioc, tá straitéis, aschuir agus tionchar féideartha sainithe ag WDC ar féidir leis na spriocanna seo a bhaint amach do Réigiún an Iarthair.

Sprioc 1: Tionchar bheith aige ar cheapadh beartais ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair trí anailís ardchaighdeán.

Gníomhaíocht WDC	Aschur	Torthaí	Tionchair
Anailís ar shaincheisteanna sóisialta agus geilleagracha agus ar shonraí ábhartha le forbairt Réigiún an Iarthair d'fhonn an próiseas ceaptha beartas náisiúnta agus réigiúnach a chur ar an eolas trí thuarascálacha, achoimrí, aighneachtaí, imeachtaí agus dul i ngleic go díreach le páirtithe leasmhara	Cuir le plé beartais réigiúnaí agus rannpháirtíocht ann, arna thacú ag anailís a bhfuil bunús maith leis agus atá ábhartha ar threochtaí socheacnamaíocha i Réigiún an Iarthair	Príomhpháirtithe leasmhara réigiúnacha agus náisiúnta a bhfuil eolas níos fearr acu ar shaincheisteanna socheacnamaíocha réigiúnacha, go háirithe do Réigiún an Iarthair	Tá forbairt réigiúnach chothromaithe ina chroíchuspóir de bheartas an Rialtais
	Anailís ar shaincheisteanna Fiontair, Fostaíochta & Oideachais agus Nuálaíochta i Réigiún an Iarthair agus soláthar faisnéise nua agus ábhartha (e.g. obaircheantair, fostaíocht tuaithe) do dhéantóirí beartais	Feasacht níos airde i measc príomhpháirtithe leasmhara ar na saincheisteanna fiontair, fostaíochta, oideachais agus nuálaíochta i Réigiún an Iarthair	Beartas ar Fhiontar, Fostaíocht, Oideachas agus Nuálaíocht chun riachtanais i Réigiún an Iarthair a shásamh
	Riachtanais iompair, fuinnimh agus chumarsáide bhonneagair Réigiún an Iarthair a léiriú trí anailís láidir	Riachtanais infheistíochta bhonneagair Réigiún an Iarthair a chur faoi bhráid na bpríomhchinnteoirí	Beartas infheistíochta bonneagair a théann i ngleic le riachtanais bhonneagair Réigiún an Iarthair
	Anailís ar dhinimicí an gheilleagair thuaithe , a chuireann le beartas agus le díospóireacht trí shaincheisteanna le haghaidh ceantair thuaithe i Réigiún an Iarthair a thabhairt chun solais	Aitheantas níos mó do riachtanais gheilleagar tuaithe Réigiún an Iarthair sa phróiseas déanta beartas	Beartais le haghaidh ceantair thuaithe a théann i ngleic le saincheisteanna tábhachtacha do gheilleagar tuaithe Réigiún an Iarthair

Sprioc 2: Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn

Gníomhaíocht WDC	Aschur	Torthaí	Tionchair
Réigiún Iarthar na hÉireann a shuíomh mar réigiún feiceálach domhanda trí na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn.	Forbairt leanúnach ar www.lookwest.ie agus fairsingiú asraonta meán sóisialta chun ardán réigiúnach a chur ar fáil chun daoine aonair agus gnólachtaí a éascú le bogadh chuig Réigiún an Iarthair.	Áis fheabhsaithe le haghaidh bualadh le daoine aonair agus gnólachtaí a bhfuil suim acu bogadh go dtí an Réigiún agus cuidiú leo	Próifíl fheabhsaithe le haghaidh gnólachtaí agus comhpháirtithe réigiúnacha ag dul i dtreo méadú i ngníomhaíocht gheilleagraich sa Réigiún
	Clár Scileanna Réigiúnach	Comhpháirtithe réigiúnacha a bhfuil eolas acu ar an linn scileanna atá ar fáil chun tacú le borradh nó cruthú gnó réigiúnach	Teachtaireacht um Phointe Mealltach Uathúil Réigiúnach Feabhsaithe le tacú le Beartas um Fhorbairt Réigiúnach Chothromaithe
	Clár Fiontair Réigiúnach	Borradh gnó réigiúnach – trí cheisteanna a roinnt le comhlachtaí fiontair náisiúnta agus réigiúnacha.	Infheistíocht isteach méadaithe agus borradh gnó atá ann cheana.
	Gréasán Réigiúnach de Dhiaspóra Náisiúnta agus Idirnáisiúnta.	Dinimiceas réigiúnach níos mó chun infheistíocht SME thar lear a mhealladh.	Méadú ar an méid a chuireann Réigiún an Iarthair leis an nGeilleagar Náisiúnta. Méadú in Infheistíocht Phríobháideach choibhneasta i Réigiún an Iarthair.



Sprioc 3: Forbairt ar gheilleagar an lathair a spreagadh bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe láidreachtaí agus acmhainní Réigiún an lathair

Gníomhaíocht WDC	Aschur	Torthaí	Tionchair
Cinntiú go mbaineann Réigiún an lathair amach a ardaídh mar réigiún cruthaitheach suntasach domhanda trí fhorbairt dhíreach agus beartas chun tacú le fostaíocht agus deiseanna áitiúla a fhás sa gheilleagar cruthaitheach	Measúnú ar Thionchar Geilleagrach “an lathair Chruthaithigh”	Feasacht níos airde i measc príomhpháirtithe leasmhara ar an méid a chuirtear leis an ngeilleagar agus cumas earnáil na cruthaitheachta i Réigiún an lathair	Méadú in Infheistíocht Phoiblí/ Phríobháideach choibhneasta i Réigiún an lathair
	Forbairt Bhranda an lathair Chruthaithigh	Clár a thacaíonn go díreach le gnóilachtaí cruthaitheacha réigiúnacha chun treá níos mó a bhaint amach ó thaobh Táirgí Cruthaitheacha i margaí idirnáisiúnta	Oll-bhreislúach (GVA) ardaithe de tháirgí cruthaitheacha. Leibhéil ardaithe d’easpórtáil earraí agus seirbhísí cruthaitheacha Aitheantas idirnáisiúnta don réigiún mar bhall te cruthaitheach. Tionchar iarmharta do thionscail réigiúnacha níos leithne trí nuálaíocht don gheilleagar stuama
	Tacaíocht do Bheartas Náisiúnta ar an Earnáil	Comhleanúnachas méadaithe san earnáil ag leibhéal náisiúnta	Beartas Rialtais ar Earnáil na Cruthaitheachta a bhfuil eolas aige air agus a fhreastalaíonn ar chumas na hearnála i Réigiún an lathair
Iníúchadh a dhéanamh ar bhreisluach féideartha WDC cur leis an Earnáil Mhuirí	Léarscáiliú Páirtí Leasmhair ar an earnáil mhuirí i Réigiún an lathair	Comhleanúnachas níos mó ar bheartas náisiúnta mar a bhíonn tionchar aige ar shócmhainní muirí an réigiúin	Sócmhainní muirí an réigiúin a uasmhéadú chuig a gcumas iomlán in-athnuaite
Sprioc réigiún an lathair de bheith ina cheannródáí náisiúnta agus idirnáisiúnta in úsáid agus tráchtálú foinsí agus teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach	Tríd an tionscadal Raslres €2.8M cistithe faoin gclár Interreg IVB (2009-2012) a fhorbróidh agus a bheidh ina thionscadal trialach do ghnóilachtaí áitiúla bithfhuinnimh bunaithe ar bhitmhais adhmaid agus iarrachtaí comhchosúla le haghaidh bithfhuinnimh muirí agus cuiscreach (rcg) i Réigiún an lathair.	Gníomhaíocht gheilleagrach níos mó sa mhargadh bithfhuinnimh réigiúnach mar a dhéanann soláthróirí i mbun cainteanna le cliaint fhéideartha in adhmaid, muirí agus rcg. CO ₂ níos ísle sa gheilleagar náisiúnta agus réigiúnach. Deiseanna éagsúlaithe dóibh siúd atá páirteach sna hearnálacha talmhaíochta, innealtóireachta agus tógála.	Méadú i mais chriticiúil an tsoláthair agus éilimh bhithfhuinneamh in-athnuaite. Astuithe níos ísle, cothrom le 92,000 carr á mbaint as an ngeilleagar réigiúnach go bliantúil Suas le 200 post cosanta nó cruthaithe i dtosach Thar deich mbliana, cruthú 1,000 post, le €15 milliún níos mó ioncaim sa bhliain.

Sprioc 4: Caipiteal riosca a sholáthar do SMEanna agus d'Fhiontair Shóisialta agus iad ag tosú amach nó ag fairsingiú trí Chiste Infheistíochta WDC (WIF)

Gníomhaíocht WDC	Aschur	Torthaí	Tionchair
Dul i ngleic leis an teip margaidh san earnáil phríobháideach trí chaipiteal riosca a sholáthar do SMEanna agus d'fhiontair shóisialta nua agus atá ag fairsingiú.	Fiontair nuálacha ón iarthar arna dtacú tríd an gcéim tosaigh agus fairsingithe	Fiontraíocht mhéadaithe sa réigiún fad a thacaítear le fostaíocht sa réigiún ag an am céanna	Gnólachtaí Geilleagair Stuama ag forbairt chuig a gcumas i Réigiún an Iarthair
	Athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht mhaoinithe sa réigiún agus athrú ar straitéis infheistíochta an WIF mar atá oiriúnach, a chuimsíonn sruthanna ioncaim eile a aimsiú don WIF.	Méadú in infheistíocht fiontair i Réigiún an Iarthair	Cruthúnas de mhúnla infheistíochta síorghlaise chun níos mó deiseanna infheistíochta i ngeilleagar stuama an réigiúin a sheachadadh.

Sprioc 5: WDC a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil éifeachtach

Gníomhaíocht WDC	Aschur	Torthaí	Tionchair
Rialúchán Airgeadais	Tuarascálacha Bliantúla Airgeadais	Tá WDC sainaitheanta mar éifeachtúil agus iomlán freagrach san úsáid a bhaineann sé as Maoiniú Poiblí arna léiriú ag tuarascáil dhearfach ó C&AG	Feictear go bhfuil WDC ag cur seirbhís luach ar airgead ar fáil don phobal
Inniúlachtaí Foirne a forbairt agus a úsáid	Feidhmeannach ard-spreagtha ann chun riarachán agus gnó an Choimisiúin a bhainistiú agus a smachtú	Sainaitheann WDC as ucht obair ardchaighdeán a chur ar fáil dá pháirtithe leasmhara de bhua na gairmiúlachta agus an spreagtha a thugann sé dá fhoireann fheidhmeannach	Lean WDC ar aghaidh mar fhoinsé saineolais ardleibhéil i réimsí forbartha geilleagraí agus sóisialta
Cinntiú go bhforbraíonn agus go gcothabhálann WDC cumarsáid éifeachtach lena ghrúpaí éisteachta éagsúla	Tuarascáil Bhliantúil Preasráitis Suíomhanna Gréasáin Comhdhálacha agus Seimineáir Cáipéisí Foilsithe	Cuirtear lucht éisteachta éagsúil WDC ar an eolas faoi na saincheisteanna ábhartha ar fad ag an am oiriúnach	Tá WDC aitheanta mar fhoinsé faisnéise léargasáil, tráthúla agus ábhartha sna réimsí faoina shainchúram

4. Feidhmiú, Monatóireacht agus Tuairisciú



Déanfar Ráiteas Straitéiseach WDC a chur i bhfeidhm trí ullmhúchán agus seachadadh na gclár oibre bliantúil. Lena chois sin, tá WDC tiomanta do thacú le spriocanna agus cuspóirí maidir le bainistíocht níos fearr, mar atá i *gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (Bealtaine 2009)*.

Cuimseoidh tuarascálacha bliantúla WDC nuashonruithe ar dhul chun cinn maidir le haidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéiseach. Déanfar na tuarascálacha bliantúla a chur i láthair na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus cuirfear faoi bhráid an Oireachtais iad chomh maith. Déanfar iad a chur ar fáil chomh maith do pháirtithe leasmhara, eochairchustaiméirí, cliaint agus don phobal ginearálta.

5. Aguisín 1



Baill Choimisiún Forbartha an Iarthair ó Eanáir 2010

An tUasal Michael Farrell (Cathaoirleach)

An tOllamh Séamas Caulfield

An tUasal Jim Devenney

An tUasal Mary Devine O'Callaghan

An tUasal Pat Gilmore

An tUasal Mary Hoade

An tUasal Jackie Maguire

An tUasal Martina Minogue

An tUasal Diarmaid Mulcahy

An tUasal Pádraig Ó Caomhánaigh

An tUasal Helen Rochford Brennan

an Dr Katie Sweeney

Giarrúcháin agus téarmaí a úsáidtear sa Ráiteas seo

GVA	Oll-bhreislúach
SMEanna	Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
NDP	An Plean Forbartha Náisiúnta
NSS	Straitéis Spáis Náisiúnta
WDC	Coimisiún Forbartha an Iarthair
WIF	Ciste Infheistíochta an Iarthair
C&AG	Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Teagmháil:

Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Diolúin
Bealach an Doirín
Contae Ros Comáin

Guthán: +353 (0)94 986 1441
Ríomhphost: info@wdc.ie
Suíomh Gréasáin: www.wdc.ie

